# Cóir Ghaoithe

**Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**

**Aodán Mac Suibhne**
**Agus**
**Marie Whelton**

# 3. Faoiseamh a Gheobhadsa

*Máirtín Ó Direáin*

## I TÉACS

**Féach *Leoithne Ghaoithe*, lch. 17, áit a bhfuil an téacs foilsithe.**

**Foclóirín**
**Faoiseamh** – scíth/sos, relief
**A gheobhadsa** – a gheobhaidh mé
**Seal beag gairid** – ar feadh tamaill bhig
**I measc mo dhaoine** – i dteannta mo mhuintire
**Cois cladaigh** – cois trá
**Thiar ag baile** – thiar sa bhaile
**Crá croí** – ciapadh croí, torment of heart
**Buairt aigne** – fulaingt aigne, worry of mind
**Uaigneas duairc** – uaigneas dorcha, melancholy loneliness
**Caint ghontach** – caint fhórsúil, hurtful talk

## II ÚDAR, COMHTHÉACS, SEÁNRA

- Rugadh Máirtín Ó Direáin in Inis Mór Árainn sa bhliain 1910. Sa bhliain 1928 d'fhág sé an t-oileán nuair a fuair sé post in Ard-Oifig an Phoist i nGaillimh. Chuaigh sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1937, áit a raibh sé ag obair don Roinn Oideachais. Ba i mBaile Átha Cliath a thosaigh sé ag scríobh filíochta. I measc na gcnuasach a d'fhoilsigh sé tá *Coinnle Geala* (1942) agus *Ó Mórna agus Dánta Eile* (1957). Fuair sé bás i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1988.

- Ba iad gruaim na cathrach agus áilleacht an oileáin na téamaí ba choitianta i saothar Uí Dhireáin. Go minic sheas an t-oileán don dúchas agus sheas an chathair don rud iasachta agus do thréigean an dúchais.
- Mar is dual d'fhilíocht Uí Dhireáin, déanann an dán seo plé ar an dúchas agus ar na luachanna beatha a ghabhann leis an áit dhúchais. Cuirtear na luachanna sin i gcodarsnacht leis na luachanna a chonaic sé ina thimpeall sa chathair.

## III ANAILÍS LITEARTHA

**A. Príomhthéama an Dáin**

An chodarsnacht idir suaimhneas na háite dúchasaí agus gruaim dhorcha na cathrach is téama don dán seo. Tá an file ar imirce ón oileán mara sa chathair agus tá sé ag tnúth go mór le filleadh ar Árainn. Tabharfaidh an chuairt siar ag baile 'faoiseamh' dó ó shaol duairc uaigneach na cathrach.

**B. Príomhtheicníochtaí Liteartha**

**Codarsnacht**

Liric an-ghairid shimplí í seo, níl ach dhá véarsa inti, ach is cumasach mar a éiríonn leis an bhfile an chodarsnacht idir atmaisféar an oileáin agus atmaisféar na cathrach a chothú. Tá éifeacht an dáin bunaithe ar fheabhas na codarsnachta céanna.

Tá an chéad rann tugtha suas do chur síos ar an oileán. Caithfidh an file tamall beag i measc a mhuintire agus gheobhaidh sé sos agus 'faoiseamh' ó bhuarthaí an tsaoil ar an oileán mara. Is é an focal 'faoiseamh' is mó a léiríonn go gcuirfidh an t-oileán aoibhneas ar a chroí agus go gcuirfidh muintir an oileáin fáilte is céad roimhe. Beidh sé sona i measc na ndaoine seo. Bainfidh sé sult, leis, as tírdhreach an oileáin agus as caitheamh aimsire an oileáin: rachaidh sé ag siúl cois trá ar maidin agus um thráthnóna ar aon. Sé lá scíthe san iomlán a bheidh

aige sa bhaile agus is peannphictiúr den sé lá scíthe sin atá sa chéad rann. Tá atmaisféar síochánta na háite cois farraige cruthaithe go healaíonta ag Ó Direáin agus is fusa don léitheoir an suíomh dúchais thiar, agus a thionchar ar an bhfile, a shamhlú:

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine…
Thiar ag baile.

Tríd an athrá, ag tús an dara véarsa, cuireann an file ina luí ar an léitheoir, arís, go bhfuil 'faoiseamh' le fáil thiar. Is léir gurb é an comhluadar is mó a thugann an faoiseamh sin dó mar luann sé a mhuintir arís anseo. Cé nach ndeir sé go hoscailte sa dán é tá sé soiléir go gcreideann sé gur daoine lácha cairdiúla iad muintir an oileáin. Seasann siad i nglanchodarsnacht le muintir na cathrach, de réir dealraimh, óir samhlaíonn sé an chathair leis an gcrá croí, leis an mbuairt aigne, leis an uaigneas duairc agus leis an gcaint dhocrach. Malairt iomlán na síochána atá aige sa chathair. Bíonn sé míshuaimhneach ann agus bíonn air buarthaí an tsaoil a fhulaingt. Ina theannta sin bíonn sé ag súil leis an am amach anseo agus lena thuras abhaile. Toisc go bhfuil an dán san aimsir fháistineach is léiriú é ar an gcaitheamh tnúthánach leis an áit dhúchais a dhéanann an file agus é as baile sa chathair. Tá eolchaire (homesickness) air agus é sa chathair. Is í an ghéarchodarsnacht idir na mothúcháin a mhothaíonn an file agus é sa chathair agus na mothúcháin a mhothaíonn sé agus é san iarthar is mó a ligeann dó an téama a fhorbairt. Is í an chodarsnacht a chuireann béim faoi leith ar a áille agus ar a shuaimhní agus atá an faoiseamh atá ar fáil sa bhaile:

Faoiseamh a gheobhadsa…
Ó chrá croí,
Ó bhuairt aigne,

Ó uaigneas duairc,
Ó chaint ghontach,
Thiar ag baile.

**Athrá Liodánach**

Mar a dúradh thuas tá athrá luinneogach ag tús gach rainn agus d'áitíomar go gcuireann sé sin béim faoi leith ar an bhfaoiseamh a gheobhaidh an file i measc a mhuintire. Tá athrá eile sa dara rann, ar leibhéal na foirme, gur fiú a thabhairt faoi deara. Tosaíonn ceithre cinn de na línte as ocht leis an bhfocal 'ó'. Guta fada is ea an focal seo agus cuireann athrá na fuaime fada seo treis leis an tnúthán eolchaireach a luamar thuas. Tá na línte seo cosúil le liodán paidriúil ag cur béime arís agus arís eile ar dhoicheall na cathrach:

Ó chrá croí,
Ó bhuairt aigne,
Ó uaigneas duairc,
Ó chaint ghontach.

## IV CEISTEANNA SAMPLACHA

1. "Sa dán 'Faoiseamh a Gheobhadsa,' le Máirtín Ó Direáin, tá an file ag tnúth le filleadh ar a áit dhúchais." Déan plé ar an bhforbairt a dhéanann an file ar an téama.

2. "An chodarsnacht idir suaimhneas na háite dúchasaí agus gruaim na cathrach is téama don dán, 'Faoiseamh a Gheobhadsa,' le Máirtín Ó Direáin." Scríobh cuntas ar an bhforbairt a dhéantar ar an téama sin sa dán.

3. "Liric ghairid shimplí, a dhéanann ceiliúradh ar shaol an oileáin, is ea an dán 'Faoiseamh a Gheobhadsa,' le Máirtín Ó Direáin." Déan plé ar an tuairim sin agus tagair do na teicníochtai fileata ann.

4. “Atmaisféar síochánta an oileáin agus an t-aoibhneas a mhúsclaíonn sé san fhile is téama don dán ‘Faoiseamh a Gheobhadsa’ le Máirtín Ó Direáin.” Déan trácht ar na teicníochtaí liteartha sa dán agus tú ag plé na tuairime sin.

5. “Is dán é ‘Faoiseamh a Gheobhadsa,’ le Máirtín Ó Direáin a thugann ómós, go háirithe, do mhuintir an oileáin.” Pléigh an ráiteas sin.

Whelton, Marie, ‘Faoiseamh a Gheobhadsa le Máirtín Ó Direáin.’ Sliocht as *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*, Aodán Mac Suibhne agus Marie Whelton (Údair). Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath, 2006, 2009, lgh 134-136. Cóip an Údair.